



RMTMAssessor³

Riachtanais Córais

Réamhrá

Sa doiciméad seo, cuirtear sonraíocht an chrua-earra agus an bhogearra thacaithe ar fáil le *RM Assessor³* a rith.

Ba chóir dóibh siúd a dhéanann an mharcáil a chinntiú go gcomhlíonann nó gur mó a chomhlíonann a ngléas an tsonraíocht seo agus a chinntiú go bhfuil rochtain acu ar sheirbhís mhaith bandaleithead.

Bandaleithead Molta

Molaimid bandaleithead tiomnaithe de 2Mbps ar a laghad le *RM Assessor³* a úsáid agus páipéir scríofa á marcáil acu. Ach, b'fhéidir go mbeidh bandaleithead níos airde ag teastáil uathu siúd a dhéanann an mharcáil chun an t-eispéireas marcála is fearr a fháil má tá freagraí ríomhobair Chúrsa á marcáil acu ina bhfuil comhaid mhóra atá le hoscailt (íomhánna), comhaid shruthaithe (fuaime/físe) nó comhaid íoslódáilte (e.g. comhaid zip).

Feidhmeidh *RM Assessor³* ar bandaleithid níos ísle, ach beidh sé i bhfad níos moille comhaid a íoslódáil, bogadh a dhéanamh idir freagraí agus nascleanúint ghinearálta na huirlise.

Tabhair faoi deara le do thoil, má tá nasc idirlín á roinnt idir ilúsáideoirí, laghdaítear an bandaleithead atá ar fáil do gach duine agus d'fhéadfadh an t-eispéireas marcála díghrádú. Tabharfar é seo faoi deara go sonrath áit a bhfuil éilimh arda bandaleithead ag úsáideoirí eile ar an líonra céanna (mar shampla, sruthú físeáin nó cluichí a imirt ar líne).

Gléasanna Molta & Tacaithe

Thíos tá na gléasanna agus ardáin ar féidir *RM Assessor³* a úsáid orthu.

	PC	Mac	Táibléad Andróideach	iPad
Próiseálaí	Intel i3+ nó a chomhionann		Quad core+	
Memory	4GB+		2GB+	
Méid an Scáileáin	8" nó níos mó, íostaifeach 1280x720			
Córas Oibríochta*	Windows	macOS	Android	iOS
Brabhsálaí**	Chrome, Firefox, Edge	Chrome, Firefox, Safari	Chrome	Safari
Ionchur atá tacaithe	Luch agus Méachlár	Luch agus Méachlár	Tadhall agus Méachlár	Tadhall agus Méachlár

* Tá an tacaíocht córais oibríochta don leagan reatha agus do na mórleaganacha a bhí ann roimhe seo de gach córas.

Is féidir *RM Assessor³* a úsáid ar ghléasanna, brabhsálaithe agus córais oibríochta eile, ach ní dhéantar iad seo a thástáil de réir Thorthaí RM agus dá bhrí sin ní thugtar tacaíocht fhoirmiúil dóibh mar nach féidir eispéireas maith úsáideora a dheimhniú.

Tugtar tacaíocht d'úsáid *RM Assessor³* ar iPadanna agus ar Tháibléid Andróideacha mar atá thuas. Ach, tabhair faoi deara le do thoil, nach dtugann na gléasanna seo tacaíocht do na cineálacha comhad uile a d'fhéadfaí a úsáid i marcáil ríomhobair chúrsa agus, mar shampla, ní féidir comhaid zip a oscailt go héasca in iPadanna – déan cinnte de le do thoil go roghnaíonn tú an gléas ceart don ábhar atá á mharcáil agat.

Tacaíocht i Seisiún

I rith sheisiúin mharcáil na scrúduithe is é is dóichí go n-eiseoidh díoltóirí ar nós Microsoft, Apple agus Google uasdátuithe bogearra ar chórais oibríochta agus ar bhrabhsálaithe. Is dea-chleachtas é a chinntiú go ligean do shocrúithe gléis duit an uair a chuireann tú a leithéid d'uasghráduithe i bhfeidhm a rialú mar d'fhéadfadh sé seo cur isteach ar an úsáid rathúil a bhaineann tú as *RM Assessor* agus feidhmchláir bogearra eile.

Tá sé mar aidhm againn eolas a chur ar fáil d'úsáideoirí *RM Assessor* a luaithe agus is féidir agus a chur i gcuimhne d'úsáideoirí gur dea-chleachtas é gan a gcórais a uasdátú i lár seisiúin go dtí go ndeimhnítear go bhfuil tacaíocht á tabhairt dá rogha brabhsálaí agus córais oibríochta.

Is é polasaí Thorthaí RM:

- Tástáil a dhéanamh ar an leagan réamheisiúna béite de gach córas oibríochta agus brabhsálaí tacaithe chun a chomhoiriúnacht le *RM Assessor* a sheiceáil ar an dáta praiticiúil is luaithe.
- Uasdátú a dhéanamh ar riachtanais córais sa doiciméad seo ó am go ham:
 - Chun a chur in iúl nuair a thabharfar tacaíocht nó nuair a bheidh tacaíocht tugtha do bhrabhsálaí nó córas oibríochta nua, nó
 - Chun fógra luath a chur ar fáil nuair nach dtabharfar tacaíocht do bhrabhsálaí nó córas oibríochta nua.

Na Chéad 5 Leid don Eispéireas Marcála is Fearr

- 1 Déan athbhreithniú ar threoracha d'úsáideoirí agus bain úsáid as an mód le cleachtadh a fháil lena chinntiú go bhfuil tú ar an eolas faoi na gnéithe reatha agus nua ar nós aicearraí méarchláir, mód leabhráin, úsáid a bhaint as an mbarra anótálacha agus socruithe úsáideora a chur i bhfeidhm ionas gur mó a oireann *RM Assessor* do roghanna marcála.
- 2 Cinntigh go gcomhlíonann nó gur mó a chomhlíonann do ghléas an tsonraíocht thacaithe.
- 3 Dún feidhmchláir an bhogearra nó fuinneoga brabhsálaí nach bhfuil in úsáid agat. Má dhúnann tú iad seo, is féidir leat cuimhne agus cumhacht próiseála a chur ar fáil chun eispéireas marcála níos fearr a bhaint amach.
- 4 Seiceáil go bhfuil dóthain bandaleithead agat le haghaidh do riachtanas, mar shampla, bain úsáid as www.speedtest.net, agus cinntigh go ligtear duit leis an nascacht atá in úsáid ag daoine eile, dóthain bandaleithid le haghaidh *RM Assessor*.
- 5 Socraigh gníomhaíochtaí sa chúlra a úsáidfidh bandaleithead nó cumhacht próiseála, mar shampla uasdátuithe bogearra, lena rith ag am nach bhfuil do ríomhaire in úsáid agat le marcáil a dhéanamh.